



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2019

Scéim Mharcála

GAEILGE

Bonnleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019

GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

CUID I: AN CHLUASTUISCINT (120 marc)

Ceist 1 (14 mharc)

- (a) Ag obair ar fheirm = an tríú pictiúr ... 7 marc) = **14 mharc**
- (b) Bíonn sé amuigh faoin aer gach lá ... 7 marc)

Ceist 2 (14 mharc)

- (a) Altra in ospidéal = an dara pictiúr ... 7 marc) = **14 mharc**
- (b) Tar éis na Nollag ... 7 marc)

Ceist 3 (8 marc)

- Siopa leabhar = an ceathrú pictiúr ... 8 marc) = **8 marc**

Ceist 4 (8 marc)

- An bosca ag an mbarr ar dheis (tic nó saighead sa bhosca) ... 8 marc) = **8 marc**

Ceist 5 (16 mharc)

- (a) Titim throm sneachta = an ceathrú pictiúr ... 8 marc) = **16 mharc**
- (b) Na haerfoirt ... 8 marc)

Ceist 6 (20 marc)

- (a) Mí an Mheithimh ... 10 marc) = **20 marc**
- (b) I bPáirc Mharlaí ... 10 marc)

Ceist 7 (20 marc)

- (a) Ag siopadóireacht ... 10 marc) = **20 marc**
- (b) Cárta creidmheasa ... 10 marc)

Ceist 8 (20 marc)

- (a) Tráth na gCeist Boird ... 10 marc) = **20 marc**
- (b) €20 ... 10 marc)

CUID II: ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

Ceist 1 Meaitseáil

(40 marc)

| Uimhir an phictiúir | Litir |
|---------------------|-------|
| 1 | H |
| 2 | D |
| 3 | B |
| 4 | F |
| 5 | C |
| 6 | A |
| 7 | I |
| 8 | J |
| 9 | E |
| 10 | G |

10 x 4 mharc = 40 marc

An Nós Marcála:

- An marc bronnta a chur sa bhosca (4 nó 0) agus an t-iomlán a bhreacadh ag bun an leathanaigh.
- An t-iomlán a chur in aice le huimhir na ceiste, agus ciorcal timpeall air agus é a aistriú go dtí an bosca cuí ar an ngreille ar an gclúdach.
- Beifear ag súil le litir ach glacfar le córas eile (uimhir an phictiúir in ionad litir an phictiúir) má tá sé soiléir/intuigthe.

Ceist 2 Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

(a) An Litir (25 marc)

- | | | | |
|----|------------------|--------------|------------------|
| 1. | 30 Bealtaine | ... 5 mharc) | |
| 2. | An fheadóg stáin | ... 5 mharc) | |
| 3. | Láithreoir | ... 5 mharc) | = 25 marc |
| 4. | Baile na nGall | ... 5 mharc) | |
| 5. | Gach Domhnach | ... 5 mharc) | |

(b) An Bróisiúr (25 marc)

- | | | | |
|----|--------------------------|--------------|------------------|
| 1. | Co. Dhún na nGall | ... 5 mharc) | |
| 2. | Muintir na háite | ... 5 mharc) | |
| 3. | An Earagail a dhreapadh | ... 5 mharc) | = 25 marc |
| 4. | Timpeall ar an gcaisleán | ... 5 mharc) | |
| 5. | San amharclann áitiúil | ... 5 mharc) | |

(c) An Scéal Nuachta (25 marc)

- | | | | |
|----|----------------|--------------|------------------|
| 1. | Matamaitic | ... 5 mharc) | |
| 2. | 9 a.m. | ... 5 mharc) | |
| 3. | Iasacht airgid | ... 5 mharc) | = 25 marc |
| 4. | Ar an gcosán | ... 5 mharc) | |
| 5. | Don bhean | ... 5 mharc) | |

Nóta: Suimigh an dá mhóriomlán is airde a bhronntar agus scríobh an móriomlán in aice le huimhir na ceiste ar leathanach 6 agus cuir ciorcal timpeall air. Cuir lúibíní cearnacha timpeall iomlán na míre nach gcuirtear san áireamh.

Ceist 3 Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos.

(60 marc)

(a) An tAlt (30 marc)

1. Rugbaí ... 6 mharc)
2. 2015 ... 6 mharc)
3. Tá sé ábalta scóráil le ciceanna pionóis ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Mí na Samhna ... 6 mharc)
5. Corn an Domhain sa rugbaí ... 6 mharc)
Corn an Domhain = 6 mharc
Corn an Domhain sa rugbaí le foireann na hÉireann = 6 mharc
Corn an Domhain le foireann na hÉireann = 6 mharc

(b) An Giota (30 marc)

1. Contae na Mí ... 6 mharc)
2. Tháinig daoine ó Chonamara chun cónaithe i Ráth Chairn ... 6 mharc)
Tháinig daoine chun cónaithe i Ráth Chairn = 4 mharc
Tháinig daoine ó Chonamara chun cónaithe = 2 mharc
Tháinig daoine ó Chonamara = 2 mharc
3. I halla an phobail ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Mí an Mheithimh ... 6 mharc)
5. Ar líne ... 6 mharc)

(c) Na Véarsaí (30 marc)

1. Crann ... 6 mharc)
2. Fréamhacha ... 6 mharc)
3. Bachlóga ... 6 mharc) = **30 marc**
4. San fhómhar ... 6 mharc)
5. Ní fios cá fhad atá sé ann ... 6 mharc)
Leathchéad bliain ar a laghad = 6 mharc
Leathchéad bliain/Caoga bliain = 4 mharc
Bhí sé ann nuair a bhí mise óg = 3 mharc
Líne 1, Líne 2 agus Líne 3 as Véarsa 3 le chéile = 6 mharc
An véarsa iomlán (iomarcaíocht) = 6 - 2 = 4 mharc

Nóta: Suimigh an dá mhóriomlán is airde a bhronntar agus scríobh an móriomlán in aice le huimhir na ceiste ar leathanach 9 agus cuir ciorcal timpeall air. Cuir lúibíní cearnacha timpeall iomlán na míre nach gcuirtear san áireamh.

Comhairle speisialta

- *faoi chumas*
- *faoi chumarsáid*
- *faoi chruinneas Gaeilge*
- *faoi ábhar nach bhfuil ‘ad rem’*
- *faoi ábhar neamhghnách.*

Ní ceartú atá i gceist anseo ach measúnú agus marcáil.

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide (**Cum**) agus Cruinneas Gaeilge (**Cr**).

Cumas Cumarsáide (Cum):

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht agus smaointe an iarrthóra a thuiscint

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh dó/di a chomhlíonadh.

Cruinneas Gaeilge (Cr):

- (i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge agus beachtas gramadaí
- (ii) Foclóir - cruinneas agus oiriúnacht foclóra
- (iii) Litríú

Ábhar nach bhfuil ‘ad rem’:

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí ina thaobh seo i gcás gach focheiste.

Ábhar Neamhghnách:

Cuirfidh an scrúdaitheoir comhairleach comhairle ar an scrúdaitheoir faoi seo.

Ná glac le Béarla.

Nóta: Má dhéantar an dá rogha i gCeist 4 nó i gCeist 5, marcáil an dá iarracht agus bronn an marc is airde. Cuir lúibíní cearnacha thart ar an marc is ísle. Scríobh an marc bronnta in aice le huimhir na ceiste.

Ceist 4 Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

(a) Fógra (40 marc)

Cumas Cumarsáide = 30 marc

= **40 marc**

Cruinneas Gaeilge = 10 marc

Tasc → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha

Cumas Cumarsáide **= 30 marc**

(i) Leagan Amach = 1 mharc

- Iarracht ar fhógra (tic leis an bhfocal *Fógra* agus an marc san imeall) 1 mharc

(ii) Treoracha = 29 marc

- **Pictiúr 1 (8 marc)**

- Cén rud a bheidh ar siúl? 4 mharc
- Cén áit? 4 mharc

- **Pictiúr 2 (13 mharc)**

- Cén lá? 4 mharc
- Cén dáta? 3 mharc
- Cén t-am? 3 mharc
- Cead isteach? 3 mharc

- **Pictiúr 3 (4 mharc)**

- Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? 4 mharc

- **Pictiúr 4 (4 mharc)**

- Cad a dhéanfar leis an airgead? 4 mharc

Leagan Amach = 1 mharc

Pictiúr 1 = 4 + 4 = 8 marc

Pictiúr 2 = 4 + 3 + 3 + 3 = 13 mharc

Pictiúr 3 = 4 = 4 mharc

Pictiúr 4 = 4 = 4 mharc

Cruinneas Gaeilge

= 10 marc

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

| | |
|-------------------|------------|
| Cumarsáid | Cum (30) = |
| Cruinneas Gaeilge | Cr (10) = |

Iarracht ar fhógra 1 mharc

Más iarracht ar Fhógra atá ann cuir tic leis an bhfocal “Fógra” agus bronn marc amháin ar dheis (sa cholún)

- Pictiúr 1 Cén rud a bheidh ar siúl? 4 mharc**
Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: cluiche peile, cluiche na mban, peil na mban, ag imirt peile/sacair, cluiche peile/sacair, peil Ghaelach, na foirne ag imirt...
Glac leis na freagraí seo ar 2 mharc: peil, sacar...
Glac leis na freagraí seo ar 1 mharc: cluiche, comórtas...
- Pictiúr 1 Cén áit? 4 mharc**
Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: ainm áite ar bith i nGaeilge, sa pháirc pheile, páirc CLG, i bPáirc an Chrócaigh, i bpáirc na scoile, i staid...
Sa chlub = 2 mharc
Sa scoil = 1 mharc; sa pháirc = 1 mharc
Ná bronn aon mharc ar ainm áite i mBéarla.
- Pictiúr 2 Cén lá? 4 mharc**
Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: lá ar bith atá ainmnithe nó inniu, anocht, amárach, ag an deireadh seachtaine, an tseachtain seo chugainn...
Beidh pionós -1 i gceist má luaitear an Aimsir Chaite: Dé Luain seo caite...
- Pictiúr 2 Cén dáta? 3 mharc**
Glac le dáta ina bhfuil an mhí litrithe. Ní gá an bhliain a bheith luaite.
Samplaí: 13 Aibreán, 26 Bealtaine 2019...
Pionós -1 i gceist i gcás figiúirí mar shampla 18/6, 16/8/2019...
Pionós -1 i gceist má tá an mhí litrithe ach gan dáta cinnte luaite: Meitheamh, Meitheamh 2019...
Ná bronn aon mharc ar fhiigiúr lom.
- Pictiúr 2 Cén t-am? 3 mharc**
Glac le ham ar bith atá inghlactha sa chomhthéacs.
Samplaí: A deich a chlog, 10 a.m., am lóin, 10 a.m.-2 p.m., tar éis na scoile, meán lae...
- Pictiúr 2 Cead isteach? 3 mharc**
Beifear ag súil le méid áirithe airgid le comhartha euro agus ceangal éigin le cead isteach.
Samplaí: Táille: €5, Cúig euro mar chead isteach, Ticéad €5, Táille €5...
Pionós -2 i gceist i gcás méid airgid leis féin
- Pictiúr 3 Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? 4 mharc**
Beidh ionramháil ag teastáil.

Samplaí: ...ann/i láthair/sa scoil, ar an bpáirc imeartha, sa staid, sa chlubtheach, mar aoi speisialta... ag bronnadh duaiseanna... ag caint...

Pionós -3 i gcás ainm lom gan aon cheangal/gan aon ionramháil.
Ná glac le hainm aon duine eile nó le hainm aon imreora eile.

Pictiúr 4 Cad a dhéanfar leis an airgead? 4 mharc

Beidh ionramháil ag teastáil a chuirfidh in iúl go mbeidh an t-airgead ag dul go dtí an Seomra Ríomhairí...

Samplaí: Airgead ag dul go (dtí an) Seomra Ríomhairí, ar son na scoile, ar son an chlub...

Airgead: Seomra Ríomhairí, Airgead → Seomra Ríomhairí, ar son ríomhairí...

Glac leis an iarracht seo ar 3 mharc: Airgead go dtí an seomra ríomhairí...

‘Seomra Ríomhairí’ leis féin = 0

Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna.

- Leagan Amach = 1
- Pictiúr 1 : 4 + 4 = 8
- Pictiúr 2 : 4 + 3 + 3 + 3 = 13
- Pictiúr 3 : 4 = 4
- Pictiúr 4 : 4 = 4

Cruinneas Gaeilge = 10 marc

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid CUM (30) =

Cruinneas Gaeilge CR (10) =

NÓ

(b) Litir (40 marc)

Cumas Cumarsáide = 30 marc

= 40 marc

Cruinneas Gaeilge = 10 marc

Tasc → Litir a scríobh chuig do dheartháir/do dheirfiúr i Londain bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

Cumas Cumarsáide

= 30 marc

Leagan Amach

= 6 mharc

- Seoladh = 2 mharc
- Dáta (glac le figiúirí) = 1 mharc
- Beannú = 1 mharc
- Críoch/Slán = 2 mharc

Treoracha

= 24 marc

- Pictiúr 1: **Dhá** phointe eolais = 2 x 3 mharc = 6 mharc
- Pictiúr 2: **Dhá** phointe eolais = 2 x 3 mharc = 6 mharc
- Pictiúr 3: **Dhá** phointe eolais = 2 x 3 mharc = 6 mharc
- Pictiúr 4: **Dhá** phointe eolais = 2 x 3 mharc = 6 mharc

Cruinneas Gaeilge

= 10 marc

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

| | |
|-------------------|------------|
| Cumarsáid | Cum (30) = |
| Cruinneas Gaeilge | Cr (10) = |

Leagan amach:

Seoladh: Caithfidh dhá chuid (1 mharc + 1 mharc) a bheith ann, as Gaeilge = 2 mharc

Samplaí: Bóthar Crumlin...Sráid Patrick...

Ná glac le hainm an bhaile i mBéarla.

Dáta: Glac le figiúirí = 1 mharc

Beannú: Ainm ar bith nó a dheartháir, a dheirfiúr, a chara... = 1 mharc

Críoch: Dhá chuid ag teastáil: Slán...agus ainm... = 2 mharc

Pictiúr 1 Ag insint faoin bpóstaer a chonaic tú

(dhá phointe eolais) 3 mharc + 3 mharc = 6 mharc

Samplaí:

Cá raibh an póstaer le feiceáil?...an t-eolas a bhí ar an bpóstaer...cluiche iománaíochta nó camógaíochta...an áit...an t-am...an dáta...na foirne...cead isteach...

Pictiúr 2 Ag insint faoin turas go dtí an cluiche

(dhá phointe eolais) 3 mharc + 3 mharc = 6 mharc

Samplaí:

An turas ar an traein/ar an Luas...na daoine a bhí in éineacht leat...cúrsaí ama...fad an turais...ag comhrá...ag ithe agus ag ól...ag éisteacht le ceol...ag féachaint amach tríd an bhfuinneog...praghas na dticéad...carráiste plódaithe...na héadaí a chaith tú...

Pictiúr 3 Ag insint faoin gcluiche

(dhá phointe eolais) 3 mharc + 3 mharc = 6 mharc

Samplaí:

Na foirne a bhí ag imirt...an t-atmaisféar...na dathanna...na héadaí...na bratacha...na scairfeanna...an réiteoir...insint ar imreoir ar leith...an imirt...an scór...gortú d'imreoir...cic saor...na buaiteoirí...conas a mhothaigh tú ag deireadh an chluiche...

Pictiúr 4 Ag insint faoi na rudaí a rinne tú nuair a bhí an cluiche thart

(dhá phointe eolais) 3 mharc + 3 mharc = 6 mharc

Samplaí:

An bronnadh...an ceiliúradh...sa bhialann...an béile...an traein abhaile ar a hocht...tuairim faoin lá...

Cruinneas Gaeilge

= 10 marc

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid CUM (30) =

Cruinneas Gaeilge CR (10) =

Ceist 5 Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

(a) Cuntas (50 marc)

Cumas Cumarsáide = 37 marc

= 50 marc

Cruinneas Gaeilge = 13 mharc

Tasc → Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile bunaithe ar an ábhar:
‘**Céilí Mór**’ mar atá léirithe sa phictiúr.

Cumas Cumarsáide **= 37 marc**

- **Cúig** thagairt (T_1, T_2, T_3, T_4, T_5) ar a laghad atá ag teastáil sa chuntas d’imeachtaí nó do thosca na hócáide.
- Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-5 ón 37 atá ar fáil) i gcás gach tagairt in easnamh. ($37 - 5_t = 32$)
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta: (mar shampla: mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as an marc atá ar fáil don iarracht agus ansin 50% a bhaint den mharc bronnta).
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcanna bronnta agus bainte a léiriú.

Glac le tagairtí do na rudaí seo a leanas:

Ag dul go dtí an céilí...an lá...an dáta...an t-am...na daoine eile a bhí ag an gcéilí...an halla/an club/halla na scoile...an stáitse...na ceoltóirí...an banna céilí...na huirlisí ceoil...an líon ceoltóirí ar an stáitse...an t-atmaisféar...an áit...an comhartha...na scoláirí...ag rince/ag damhsa/ag éisteacht leis an gceol...ag comhrá...ag canadh...bia/buidéal uisce ar fáil i siopa na scoile...ag an gcéilí...ag ithe agus ag ól...ag díol agus ag ceannach ticéad...praghas an ticéid...an bosca bruscair...éadaí...bhuaigh tú...sa chrannchur/sa chomórtas...bualadh bos...tuairim faoin gcéilí...ar thaitin an céilí leat?...mar a mhothaigh tú nuair a bhí an céilí thart...

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: T_1, T_2, T_3, T_4, T_5

Cruinneas Gaeilge

= 13 mharc

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

| | |
|-------------------|------------|
| Cumarsáid | Cum (37) = |
| Cruinneas Gaeilge | Cr (13) = |

Nó

(b) Eachtra (50 marc)

| | | |
|-------------------|------------|-----------|
| Cumas Cumarsáide | = 37 marc | |
| Cruinneas Gaeilge | = 13 mharc | = 50 marc |

Tasc → Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) in Iris na Scoile.

Cumas Cumarsáide

= 37 marc

- Tá **cúig** thagairt ag teastáil le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra. Ceann do gach pictiúr (T₁, T₂, T₃, T₄) agus aon tagairt amháin eile (T₅).
- Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-5 ón 37 atá ar fáil) i gcás gach tagairt in easnamh. (37-5_t = 32)
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta: (mar shampla: mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as an marc atá ar fáil don iarracht agus ansin 50% a bhaint den mharc bronnta).
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcanna bronnta agus bainte a léiriú.

Glac leis na tagairtí seo a leanas:

Pictiúr 1

Na déagóirí... ag siúl ar scoil... málaí scoile/leabhair scoile... ag comhrá... conas a mhothaigh siad... an aimsir... an fear sneachta... an trácht... na busanna... na carranna... cairde ag siúl agus ag rothaíocht... na bóithre sleamhain... an cosán sleamhain... leac oighir... a n-éide scoile...

Pictiúr 2

An t-am... an aimsir... an slua... baineadh geit as... thit sé ar fhleasc a dhroma... slua daoine taobh amuigh... an fón póca... ghlaigh a chara ar... conas a mhothaigh sé... trí chéile... brónach... ag caoineadh... pian... gortaithe... bhailigh daoine timpeall ar... chabhraigh siad le... ag crith leis an bhfuacht/préachta leis an bhfuacht...

Pictiúr 3

Tháinig an t-otharcharr... an freastalaí... an sínteán... blaincéad timpeall ar... as go brách leis an otharcharr go dtí an t-ospidéal... an dochtúir san ospidéal...

Pictiúr 4

An t-ospidéal... an rannóg timpistí agus éigeandála... an t-am... na dochtúirí agus na haltraí... bhreac siad síos nótaí... rinneadh X-ghathú ar... plástar ar a chos... coimeádadh istigh é... leaba i mbarda ospidéil... tuirseach... a chos pianmhar... na hothair eile... ag comhrá... d'inis siad scéalta dó... a thuismitheoirí... tuairimí faoin ospidéal... na cuairteoirí agus bronntanais... tar éis... lá, scaoileadh amach é...

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: T₁, T₂, T₃, T₄, T₅

Cruinneas Gaeilge

= 13 mharc

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

| | |
|-------------------|------------|
| Cumarsáid | Cum (37) = |
| Cruinneas Gaeilge | Cr (13) = |

Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Ceist 4 (a) nó (b) Fógra nó Litir

Ceist 5 (a) nó (b) Cuntas nó Eachtra

Marcáil an t-ábhar sna freagraí i gCeist 4 agus i gCeist 5 de réir na gnáthscéime marcála.

Ceist 4 (a) nó (b) Fógra nó Litir

Cruinneas Gaeilge = 10 marc

Ceist 5 (a) nó (b) Cuntas nó Eachtra

Cruinneas Gaeilge = 13 mharc

Déantar measúnú ar Chruinneas Gaeilge na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc as 10 nó as 13 á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile, Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra, Cruinnúsáid na réamhfocal...

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus marc as 10 nó as 13 á bhronnadh ar an iarracht: litriú, úsáid an uraithe, úsáid an tséimhithe, aontú ainmfhocal is aidiachtaí...

| | | Ceist 4 (a) nó (b) Marc as 10 | Ceist 5 (a) nó (b) Marc as 13 |
|---------------|--|--|--|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-10 | 12-13 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 | 10-11 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 | 8-9 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid maith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4 | 6-7 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 3 | 4-5 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2 | 2-3 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 | 1 |

Ní mór don scrúdaitheoir “**SMM i bhfeidhm-scrúd.**” a scríobh ar chlúdach an fhreagarleabhair nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

An Triail Chluastuisceana

Ceist a hAon (Canúint Uladh)

Dia daoibh. Is mise Seán Ó Néill. Tá mé i mo chónaí i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall. Nuair a d'fhág mé an mheánscoil, fuair mé mo chéad phost ag obair ar fheirm ag tiomáint tarracóirí. D'fhág mé an post sin mar bhí an lá oibre rófhada. Ina dhiaidh sin, bhí mé ag obair i siopa áitiúil. Níor thaitin an post sin liom. Bhí an obair leadránach. D'fhág mé an siopa i ndiaidh trí mhí. Ansin, fuair mé post lánaimseartha mar chúntóir san ionad garraíodóireachta ar imeall an bhaile. Is maith liom a bheith ag obair ansin. Tá an pá go maith. Bím gnóthach gach lá ag tabhairt aire do na plandaí agus ag cuidiú leis na custaiméirí. Ach is é an rud is fearr liom faoin obair san ionad garraíodóireachta ná go mbím amuigh faoin aer gach lá.

Ceist a Dó (Canúint Chonnacht)

Haigh. Deirdre Ní Riain ag labhairt libh anseo. Táim ag fanacht in árasán i gcathair na Gaillimhe le triúr cairde liom, Siobhán, Orla agus Sinéad. Táimid go léir ag obair sa chathair. Tá Siobhán ag obair i leabharlann i lár na cathrach. Is gruagaire í Orla agus tá Sinéad ag obair le ríomhairí in oifig mhór. Is altra mé in Ospidéal na hOllscoile. Bím ag obair ar an mbarda ag tabhairt aire do na hothair. Faighim mí de laethanta saoire gach bliain. Nuair a bhím ar saoire, is breá liom dul ag taisteal thar lear. Chuaigh mé go dtí an Iodáil ag sciáil tar éis na Nollag. Chaith mé trí seachtaine ag sú na gréine sa Spáinn i mí na Bealtaine. Bhí mé i Londain an deireadh seachtaine seo caite.

Ceist a Trí (Canúint na Mumhan)

Ar an mbóthar...torann tráchta...

Fear: Gabh mo leithscéal ach an bhfuil a fhios agat cá bhfuil an siopa leabhar, le do thoil? Ba mhaith liom leabhar a cheannach mar bhronntanas do mo mhac. Beidh a bhreithlá ann amárach.

Bean: Tá an siopa leabhar cúpla céad méadar ón áit seo. Téigh díreach ar aghaidh thar an mbanc, agus síos chomh fada le bun an bhóthair. Cas ar dheis ag siopa an phoitigéara. Téigh thar an ollmhargadh agus ansin, feicfidh tú an siopa leabhar ar thaobh na láimhe clé. Déan deifir mar dúntar an siopa leabhar ar leathuair tar éis a cúig gach tráthnóna.

Fear: Go raibh míle maith agat. Rithfidh mé liom, mar sin.

Ceist a Ceathair (Canúint Uladh)

Ar an tsráid...carr ag stopadh...

Bean: Heileo. Gabh mo leithscéal, a dhuine uasail. Tá mé ar strae. An bhféadfá a insint dom, le do thoil, cá bhfuil an siopa troscáin? An bhfuil sé i lár an bhaile?

Fear: Tá tú an-ghar don siopa troscáin. Lean ort díreach ar aghaidh go dtí na soilse tráchta. Cas ar dheis ansin. Téigh thar an linn snámha. Ansin, glac an dara casadh ar chlé. Feicfidh tú an siopa troscáin ag barr an bhóthair sin ar thaobh na láimhe deise.

Bean: Díreach ar aghaidh go dtí na soilse tráchta, ar dheis ansin, agus ansin glac an dara casadh ar chlé. Beidh an siopa troscáin ar thaobh na láimhe deise. Go raibh míle maith agat.

Fear: Tá fáilte romhat.

Ceist a Cúig (Canúint Chonnacht)

Seo anois réamhaisnéis na haimsire don deireadh seachtaine. Oíche Dé hAoine, beidh an aimsir an-fhuar agus beidh sioc trom i ngach áit. Maidin Dé Sathairn, leathfaidh gálaí gaoithe ón oirthear. Beidh titim throm sneachta ann ar fud na tíre Oíche Dé Sathairn agus beidh na bóithre sleamhain agus an-dainséarach. Moltar do dhaoine fanacht istigh agus gan dul amach ag tiomáint. Beidh brat sneachta i ngach áit ar fud na tíre maidin Dé Domhnaigh. Cuirfidh an drochaimsir seo isteach ar chúrsaí taistil. Ní bheidh seirbhís bus ná seirbhís traenach ar fáil maidin Dé Domhnaigh. Beidh gach stáisiún traenach agus gach stáisiún bus dúnta. Ach beidh na haerfoirt ar oscailt maidin Dé Domhnaigh. Tiocfaidh feabhas ar an aimsir arís i lár na seachtaine seo chugainn.

Ceist a Sé (Canúint na Mumhan)

Eilís: Haigh, a Dhiarmaid. Fáilte romhat ar ais ar scoil. An raibh samhradh deas agat?

Diarmaid: Bhí samhradh iontach agam. Féach an dath atá orm. Thaitin an dea-aimsir agus an teas go mór liom.

Eilís: Tá dath na gréine ort, ceart go leor. An ndeachaigh tú ar saoire?

Diarmaid: Chuaigh. Thóg mo thuismitheoirí teach ar cíos i mí Iúil agus chaitheamar trí seachtaine cois trá i Loch Garman. Bhíomar ar an trá gach lá, ag sú na gréine agus ag snámh. Cad a rinne tusa, a Eilís? Ná habair liom go raibh tú ag staidéar.

Eilís: An ag magadh fúm atá tú, a Dhiarmaid? Rinne mé dearmad glan ar chúrsaí scoile. Thug mé aire do mo dheirfiúr óg i mí an Mheithimh mar bhí mo thuismitheoirí ag obair. I mí Lúnasa, bhí mé ar saoire i dteach mo chol ceathrair, Sorcha, i mBaile Átha Cliath.

Diarmaid: Inis dom, cad a rinne tú i mBaile Átha Cliath?

Eilís: Chuaigh mé go dtí an trá i Mullach Íde go minic. Chomh maith leis sin, bhí mé ag siopadóireacht san ionad mór siopadóireachta i nDún Droma. Agus a Dhiarmaid, fan go gcloisfidh tú é seo, chuaigh mé go ceolchoirm iontach.

Diarmaid: Ó, a Eilís, táim in éad leat. Cá raibh an ceolchoirm ar siúl?

Eilís: Bhí an ceolchoirm ar siúl i bPáirc Mharlaí. Bhí oíche iontach againn. Bhíomar díreach os comhair an stáitse.

Diarmaid: Conas a bhí an t-atmaisféar ag an gceolchoirm?

Eilís: Bhí an t-atmaisféar dochreidte. Bhíomar faoi dhraíocht ag an gceol.

Diarmaid: Nach méanar duit, a Eilís. Sin clog na scoile. Caithimid brostú.

Eilís: Caithfidh. Ní theastaíonn uainn a bheith déanach don chéad rang tar éis na laethanta saoire.

Ceist a Seacht (Canúint Chonnacht)

Ar an teileafón...

Nóra: Heileo, Nóra anseo.

Liam: Haigh, a Nóra. Conas atá cúrsaí leat?

Nóra: Go breá, a Liam. Aon scéal?

Liam: Dea-scéal, a Nóra. Tá Seán, Pól, Áine agus mé féin ag dul chuig an scannán nua sin sa phictiúrlann oíche amárach. Ar mhaith leat teacht linn?

Nóra: Ba bhreá liom ach ní féidir liom. Beidh mé ag dul ag siopadóireacht sa chathair le mo Mham tráthnóna amárach. Beimid ródheireanach ag filleadh abhaile.

Liam: Is mór an trua é sin. Ní minic a théann tusa ag siopadóireacht, a Nóra.

Nóra: Caithfidh mé éadaí a cheannach le haghaidh bainise ag deireadh na míosa. Beidh mo Mham ag cabhrú liom.

Liam: Ní théann mise riamh ag siopadóireacht sa chathair anois, a Nóra. Má bhíonn aon rud uaim, ceannaím ar líne é.

Nóra: Níor cheannaigh mé aon rud ar líne riamh, a Liam. Ní dóigh liom go mbeinn ábalta é a dhéanamh.

Liam: Cén fáth? Tá sé an-simplí. Téann tú chuig suíomh gréasáin an tsiopa ar líne. Roghnaíonn tú na hearraí atá uait. Cuireann tú isteach i do chiseán siopadóireachta iad. Líonann tú isteach do shonraí – d’ainm, do sheoladh baile agus cód an phoist. Íocann tú as na hearraí le cárta creidmheasa. Seoltar amach na hearraí chuig do theach. Agus sin é.

Nóra: Tá sé sin go hiontach, ach tá fadhb agam.

Liam: Cén fhadhb atá agat? Nach bhfuil ríomhaire glúine agus cód poist agat?

Nóra: Tá, gan dabht. Ach níl cárta creidmheasa agam. Ní féidir aon rud a cheannach gan cárta creidmheasa.

Liam: B’fhearr duit dul ag siopadóireacht le do Mham mar sin. Bain sult as an turas. Slán go fóill.

Ceist a hOcht (Canúint na Mumhan)

Ar an mbóthar...torann tráchta...

Donnacha: Haigh, a Aoife. Ar bhain tú taitneamh as an Seó Faisin aréir?

Aoife: Bhain mé, cinnte. Bhí sé ar fheabhas. Bhí gach duine an-bhródúil as scoláirí na hIdirbhliana agus as na múinteoirí a d’eagraigh é. Rinne siad jab iontach.

Donnacha: Agus beidh dráma á chur i láthair ag an gcúigiú bliain oíche Dé hAoine. An mbeidh tú ag dul ann, a Aoife?

Aoife: Ní bheidh, a Dhonncha. Caithfidh mé staidéar a dhéanamh.

Donnacha: Is trua é sin. Caithfidh tú sos a ghlacadh ón staidéar. Éist, tá plean agam.

Aoife: Cén phleidhcíocht atá ar intinn agat, a rógaire?

Donnacha: Ní pleidhcíocht in aon chor é, a Aoife. Éist, beidh Tráth na gCeist Boird á reáchtáil ag an gClub Sacair oíche Dé Sathairn. Ceathrar a bheidh ar gach foireann. Beidh Máire agus Diarmaid in éineacht liom agus tá an ceathrú duine ag teastáil uainn.

Aoife: Ach is beag atá ar eolas agamsa faoin spórt, a Dhonnacha.

Donnacha: Ach tá gach rud ar eolas agat faoi chúrsaí staire agus faoi chúrsaí tíreolaíochta. Tá duine ag teastáil leis na ceisteanna sin a fhreagairt. Beidh mise ábalta na ceisteanna spóirt a fhreagairt, agus beidh an bheirt eile ábalta na ceisteanna faoi chúrsaí reatha agus faoin gceol a fhreagairt. Tá duais dhá chéad Euro ann don fhoireann is fearr.

Aoife: Agus cén táille a bheidh le híoc ag gach foireann?

Donnacha: Beidh táille fiche euro le híoc ag gach foireann, sin cúig euro an duine. Ach beidh an bua againn agus beidh neart airgid sa sparán ag filleadh abhaile dúinn. Tar linn, a Aoife. Bainfidh tú an-taitneamh as.

Aoife: Tabharfaidh mé freagra ort amárach, a Dhonnacha. Bailigh leat anois agus lig dom mo chuid staidéir a dhéanamh. Slán.

Donnacha: Slán, a Aoife. Ná lig síos mé.

LEATHANACH
BÁN

LEATHANACH
BÁN

LEATHANACH
BÁN

